

An Todhchaí á Chruthú

An Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath

Plean Straitéiseach 2005 go 2008

Eanáir 2005

Clár na nÁbhar

1	RÉAMHRÁ	3
2	MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA	4
2.1	MISEAN.....	4
2.2	FÍS 4.....	4
2.3	LUACHANNA	4
3	COMHTHÉACS	5
3.1	TRADISIÚN NEWMAN	5
3.2	An TIMPEALLAUGHT IOMAÍOCH	5
3.3	COMHTHÉACS BHEARTAIS PHOIBLÍ	6
3.4	ATHBHREITHNIÚ SEACHTRACH	7
3.5	OLLSCOIL DIANTAIGHDE	9
3.6	ÁR GCUMAS A FHORBAIRT	9
4	CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA	11
4.1	TEAGASC, FOGHLAIM AGUS SAOL AN MHIC LÉINN	11
4.2	TAIGHDE.....	18
5	TACÚ LEIS AN STRAITÉIS	24
5.1	AN FHOIREANN – ÁR BPRÍOMHACMHAINNÍ	24
5.2	CÓRAIS FAISNÉISE AGUS INFRASTRUCHTÚR.....	27
5.3	RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT.....	28
5.4	CULTÚR NA CÁILÍOCHTA	28
5.5	CUMARSÁID, FORBAIRT AGUS CAIDREAMH ALUMNI.....	29
6	STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN	32
6.1	AN GÉARGHÁ ATÁ ANN LE hATHSTRUCHTÚRÚ ACADÚIL	32
6.2	NA PRIONSABAIL AGUS NA CRITÉIR IS BONN LE PRÓISEAS AN ATHSTRUCHTÚRAITHE	33
6.3	RÓL NA NINSTITIÚIDÍ AGUS NA NAONAD ILDISCIPLÍNEACH	35
7	STRAITÉIS AIRGEADAIS	37

1 RÉAMHRÁ

Leagann an cháipéis seo treoir straitéiseach an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath amach do na trí bliana amach romhainn. Agus ár dtreo á leagan síos againn, tá tosaíochtaí aitheanta againn, tá béim curtha ar príomhspríocanna agus príomhchuspóirí againn agus tá gnéithe riachtanacha den phróiseas forfheidhmiúcháin léirithe againn. Tá forbairt na cáipéise seo bunaithe ar phróiseas leathan comhairliúcháin agus líon mór ionchur ó fhoinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha le bliain anuas.

Ní críoch ann féin an Plean Straitéiseach seo ach céim thábhachtach inár bpróiseas pleanála. Cuirfimid leis an gceat straitéiseach atá leagtha amach sa cháipéis seo agus, i ndiaidh breis comhairle agus comhrá, foilseoidimid pleananna níos sonraithe sna réimsí ar leithligh sa bhliain atá le teacht. Chomh maith leis sin, déanfaimid athbhreithniú bliantúil chun dul chun cinn maidir leis an bPlean Straitéiseach a thomhas agus pleananna nua a chur le chéile don bhliain ina dhiaidh sin.

Beidh páirt ag mic léinn, comhaltaí foirne, alumni agus pobal an COBÁC i dtodhchaí na hOllscoile. Iarraim oraibh, mar Uachtarán, an Plean Straitéiseach seo a léamh go cúramach, machnamh a dhéanamh air agus é a phlé go mion, agus leanúint lena fhorbairt agus lena chur i bhfeidhm. Táim cinnte go n-oibreoidimid go maith le chéile chun an todhchaí a chruthú.

Hugh Brady

An tUachtarán

2 MISEAN, FÍS AGUS LUACHANNA

2.1 Misean

Tá sé mar mhisean ag an COBÁC eolas a bhrú ar aghaidh, an fhírinne a chuardach agus foghlaim a chothú, in atmaisféar lán d'fhionnachtain, cruthaitheacht, nuálacht agus feabhas, ag spreagadh a d(h)íchill ó gach duine, agus ag cur le saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann ar fud an domhain.

2.2 Fís

Chun tuilleadh a chur lena féiniúlacht shainiúil, feidhmeoidh an COBÁC mar seo a leanas:

- Príomhollscoil idirnáisiúnta diantaghde ina dtéann cláir theagaisc shamhlaíocha agus feabhas i dteagasc agus i bhfoghlaim le chéile le tiomantas do thaighde, scoláireacht, nuálacht agus cruthaitheacht;
- Ollscoil í a mhúnláíonn cláir oibre, agus a thugann tacaíocht nuair a oireann agus a thugann dúshlán nuair is gá;
- Ollscoil is léir a bheith Éireannach, ilghnéitheach, uilechuimsitheach go sóisialta agus aitheanta mar Ollscoil den scoth ar fud an domhain;
- Ollscoil a leanann uirthi leis an ról lárnach atá aici in Éirinn an lae inniu a mhúnlú, a théann i ngleic le pobal na hÉireann ar fud an domhain agus a thairgeann bealach isteach san oideachas chuig an Eoraip do líon na mac léinn idirnáisiúnta - líon atá ag dul i méid an t-am ar fad;
- Ollscoil ina bhfuil forbairt iomlánaíoch na mac léinn agus na gcomhaltaí foirne lárnach maidir lenár saol acadúil, sóisialta, cultúrtha agus gairmiúil;
- Ollscoil ina bhfuil iomaíochas idirnáisiúnta mar shlat tomhais don uile ní a dhéanaimid.

2.3 Luachanna

Caomhnóidh an COBÁC na luachanna seo a leanas ina ghníomhaíochtaí ar fad:

- Feabhas, déine agus ionracas;
- Cothroime, comhionannas agus uilechuimsitheacht;
- Saoirse, cruthaitheacht agus nuálacht;
- Seirbhís do phobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda na hÉireann.

3 COMHTHÉACS

Tá mar bhunús leis an bplean straitéiseach seo oidhreacht iontach agus éachtaí stairiúla an COBÁC, comhthéacs na sochaí agus na polaitíochta ina bhfeidhmímid agus na deiseanna agus na dúshláin atá os ár gcomhair sna blianta atá le teacht.

Tá an plean curtha le chéile trí phróiseas pleanála mionsonraithe taobh istigh de dhámha, tascfhórsaí speisialta, fócasghrúpaí agus comhráite le sciar mór de phobal na hollscoile. Bhí ionchur mór ó athbhreithnithe seachtracha éagsúla, lena n-áirítear dhá athbhreithniú institiúideacha a rinne Cumann Ollscoileanna na hEorpa (Comhdháil Reachtairí na hEorpa, roimhe seo), athbhreithniú ar nósanna imeachta cáilíochta a rinneadh faoi threoir Chumann Ollscoileanna na hEorpa chomh maith agus an ceann is deireanaí, comhairle a tugadh i dtuarascáil Ghrúpa Comhairleach Washington. Tugann Athbhreithniú an OECD ar an Ardoideachas in Éirinn agus tuarascálacha an Ghrúpa Straitéis Fiontraíochta agus an British Academy comhthéacs tábhachtach bheartais phoiblí don plean straitéiseach seo.

3.1 Traidisiún Newman

Tá an plean seo foilsithe i gcomhthéacs cheiliúradh 150 bliain an COBÁC, ó d'oscail an Cairdinéal John Henry Newman na doirse ar an tseaninstitiúid, Ollscoil Chaitliceach na hÉireann, an 3 Samhain 1854.

I 1852, chuir Newman i láthair naoi gcinn de dhioscúrsaí arb ionann iad agus leath dá mhórshaothar *The Idea of a University*. Is é an teideal a thug Newman ar a chúigiú dioscúrsa: “Knowledge is its own end”. Sa lá atá inniu ann, cé go bhfuil go leor buntáistí éagsúla tugtha ag an COBÁC don duine, don gheilleagar agus don tsochaí, is é an t-eolas a bhíonn mar chuspóir againn i gcónaí: eolas nua a chruthú trí thaighde agus trí eolas atá ann cheana a chur in iúl trí theagasc. Tá éiteas iomlánaíoch oideachais Newman fós beo in COBÁC na bliana 2005. Is ollscoil smaointe í an COBÁC agus is mar sin a bheidh sí. Mhúnláigh Newman luach na hollscoile don saol nua-aimseartha agus níor stop an COBÁC riamh iarracht a dhéanamh a bheith ina “alma mater” ag an nglúin óg – an dúshlán a leag Newman síos.

Níl an COBÁC cosúil leis na hollscoileanna eile; thosaigh sé mar Ollscoil Chaitliceach na hÉireann gan maoiniú ón stát ná acht parlaiminte ach fós bhí ról lárnach aige i bhforbairt na hÉireann. Bunaíodh é chun cabhrú le hÉirinn fás agus a bheith ina tír Eorpach faoi mhaise. Le 150 bliain anuas chuir an COBÁC leis an rath atá ar Éirinn agus ar phobal na hÉireann ar fud an domhain. Is é an dúshlán atá os a chomhair sa lá atá inniu ann ná a bheith in ann sraith nua d'fhorbairt na hÉireann a éascú sa 21ú haois - aois atá thar a bheith iomaíoch agus domhandaithe.

3.2 An Timpeallacht Iomaíoch

Tá stair láidir bhródúil ag an COBÁC ach tuigeann sé fós nach féidir leis na maidí rámha a ligean le sruth. Táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht ardoideachais iomaíoch dhomhanda agus bíonn dreamanna eile ag athrú i gcónaí chun buntáiste iomaíochta a bhaint amach. Tá na scoláirí dara leibhéal is fearr sa tír á mealladh anois ag ollscoileanna ó thíortha eile. Chomh maith leis sin, tá go leor mac léinn PhD ag iarraidh staidéar sa Ríocht Aontaithe agus níos faide ó bhaile. Tá na scoláirí is fearr againn á n-earcú ag na hinstitiúidí idirnáisiúnta is fearr. Má fhágann na mic léinn agus na scoláirí seo, feabhsóidh siad go hacadúil ar champais eile agus cuirfidh siad le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch sochaithe eile.

Chomh maith leis an tallann is fearr in Éirinn a choinneáil, caithfidh an COBÁC é féin a bhunú mar áit a mheallfaidh an tallann idirnáisiúnta is fearr agus caithfidh sé a thimpeallacht, struchtúir, córais agus spreagthaí a fhorbairt chun é seo a éascú. Go bunúsach, caithfidh Plean Straitéiseach an COBÁC a bheith níos samhlaíche ná mar a bhí sé riamh cheana chun go mbeidh an COBÁC agus Éire in ann páirt a ghlacadh agus a bheith rathúil i gcomhthéacs iomaíoch neamhghéilliúil.

3.3 Comhthéacs maidir le beartas poiblí

Roimh Athbhreithniú an OECD ar Ardoideachas in Éirinn (Meán Fómhair 2004), d'ullmhaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta *Background Country Report* inar leagadh amach príomhchuspóirí bheartas an ardoideachais in Éirinn. Áirítear orthu sin:

- Caighdeáin aitheanta feabhais a bhaint amach i dteagasc agus i bhfoghlaim;
- An ghníomhaíocht taighde i gcáilíocht idirnáisiúnta a leathnú;
- An chaoi a bhfreagraíonn ardoideachas riachtanais na sochaí agus an gheilleagair a chur chun cinn.

Ina dhiaidh sin, chuir moltaí an OECD féin béim ar an ngá atá le hollscoileanna dearcadh straitéiseach a ghlacadh agus a bheith níos solúbtha agus níos fuinniúla ina gcur chuige maidir lena ngnó. Tá na moltaí seo a leanas, go sonrath, le fáil i dTuarascáil an OECD:

- Go dtabharfaidh Forais Ardoideachais (HEI) tús áite do shaincheisteanna maidir le forbairt foirne agus acmhainní a dháileadh dá réir sin;
- Go nglacfar céimeanna chun cur leis an líon mac léinn dochtúireachta in ollscoileanna, chun go mbeidh dúbailt orthu faoi 2010;
- Go mbeidh sé mar aidhm ag Forais Ardoideachais líon na mac léinn idirnáisiúnta acu a dhúbailt faoi cheann cúig bliana;
- Sa chaoi go spreagfar na Forais foinsí seachtracha a lorg chun maoiniú a fháil, go ndéanfaidh an Rialtas ráiteas nach ngearrfear maoiniú ón Stáit siar má fhaightear ioncam ó fhoinsí eile;
- Go ndéanfaidh ollscoileanna athbhreithniú ar a bpróisis maidir le hacmhainní a roinnt chun a chinntiú go roinnfí acmhainní de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha a luadh.

I comhthéacs na ndaonnachtaí, leagann tuarascáil an British Academy, Márta 2004, *That full complement of riches*, amach cion na ndán, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta maidir le dul chun cinn agus forbairt náisiúnta. Deir sé maidir leis na dána, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta:

- Go gcuirfidh siad tús le tuiscint ar stair, cultúir, creidimh agus sochaithe an náisiúin a chur chun cinn, agus dá bhrí sin cabhrú le féiniúlacht náisiúnta, caoinfhulaingt ilchultúir agus idirghníomhaíocht a chothú;
- Díospóireacht phoiblí a thosú agus gníomhaireacht an phobail maidir le castacht an lae inniu, go háirithe iad siúd a bhaineann le moráltacht, traidisiúin agus creidimh chontrártha a fheabhsú;

- Go dtabharfaidh siad, tríd an déine anailíseach agus na luachanna daonnachtúla a chleachtann siad, tacaíocht ríthábhachtach do bhuanna sibhialta agus rialtas oscailte, inrochtana, ar a mbraitheann aon sochaí shibhialta;
- Cur le tuiscint agus forbairt ar fheidhmíocht, táirgiúlacht agus forbairt nuálach gnó;
- Cur go mór le hearnálacha den gheilleagar atá ag méadú go sciobtha agus atá tábhachtach go straitéiseach, an oidhreacht agus an turasóireacht san áireamh;
- Tabhairt faoi shaincheistanna tábhachtacha cosúil leis an éifeacht ag dul chun cinn san eolaíocht agus sa leigheas, caidreamh idirnáisiúnta a bhainistiú, forbairt agus slándáil, agus an éifeacht ag domhandú;
- Go dtabharfaidh sé ráta sochair an-mhaith ar infheistíocht phoiblí.

D'ainmnigh *Tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (ESG)* (Iúil 2004) na príomhghníomhaíochtaí a chaithfear a dhéanamh chun fiontar inmharthana agus fás leanúnach a bhaint amach in Éirinn sna deich mbliana le teacht. Moladh, go háirithe, sa Tuarascáil go raibh gá “le hearnáil ardoideachais oiriúnaitheach agus freagrach chun eolas a chruthú agus a úsáid agus chun líon agus caighdeán na gcéimithe a sholáthar chun tacú le heacnamaíocht an eolais.”

Chun an sprioc seo a bhaint amach, dúradh i dTuarascáil ESG go gcaithfeadh gach institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh amach anseo don earnáil ardoideachais:

- Freagra a thabhairt ar athruithe sa mhargadh domhanda, éilimh ar scileanna agus dul chun cinn in eolas;
- A bheith solúbtha agus oiriúnaitheach maidir le riachtanais na mac léinn agus an fhiontair;
- A bheith cruthaitheach agus nuálach maidir le modhanna seachadta;
- Tacú le leibhéal ard rannpháirtíochta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil;
- A bheith nuálach maidir le leas a bhaint as tráchtálaíocht taighde;
- Soghluaisteacht foirne a éascú sa dá threo idir acadóirí agus fiontar.

3.4 Athbhreithniú Seachtrach

I 1998 agus arís in 2003 rinne Comhdháil Reachtairí na hEorpa (CRE), Cumann Ollscoileanna na hEorpa (EUA) atá ann anois, athbhreithniú ar an COBÁC. Is beag éiginnteachta atá i dtorthaí an athbhreithnithe, nár scaipeadh mórán ag an am, maidir le chomh mór is atá an dúshlán atá le sárú ag an COBÁC. Áirítear ar mholtaí sonracha an EUA:

- Curaclam modúlach agus creidmheas-bhunaithe ar fud na hollscoile a chur i bhfeidhm;
- Spriocanna a leagan síos chun líon níos airde mac léinn neamhthraidisiúnta a fháil isteach;
- Úsáid níos fearr a bhaint as ríomhfhoghlaim do mhic léinn thraidisiúnta agus neamhthraidisiúnta;
- Straitéis taighde shoiléir agus uaillmhianach ar fud na hollscoile a fhorbairt;

- Athchoiriú ar bhainistíocht agus ar rialachas na hollscoile lena n-áirítear struchtúir chinnteoireachta agus acadúla a shimpliú agus cathaoirleacht sheachtrach ar Údarás na hOllscoile;
- Ról Oifig na Leas-Uachtarán a athrú chuig ról feidhmiúcháin lánaimseartha le tacaíocht chúí riaracháin;
- Próiseas straitéiseach pleanála maith a chur i bhfeidhm ag leibhéal ollscoile agus dáimhe;
- Cláir chuimsitheacha Forbartha agus Oiliúint Foirne a dhearadh agus a leagan síos;
- Straitéis shoiléir a chur le chéile maidir le hidirnáisiúnú;
- Portfóilió ioncaim a éagsúlú;
- Branda an COBÁC a láidriú.

In 2004, rinne Grúpa Comhairleach Washington athbhreithniú ar oibríochtaí agus ar chuspóirí an COBÁC. Sna moltaí bhí na nithe seo a leanas:

- An gá atá le tosaíochtaí soiléire instiúideacha a shainmhíniú;
- Díriú ar na próisis earcaíochta chun a chinntiú go dtéann an COBÁC in iomaíocht go hidirnáisiúnta d'earcaigh den scoth a bhfuil poitéinseal ard acu;
- Líon na nDámh, na Rann agus na nIonad a laghdú chun mais chriticiúil i dtaighde agus i dteagasc agus i bhfoghlaim a chinntiú agus chun éifeachtacht riaracháin a sholáthar, rud a laghdóidh ualach an riaracháin ar an lucht léinn;
- Múnlaí den ualach oibre le húsáid ar fud na hOllscoile a fhorbairt agus teagasc a mheasúnú ar bhealach córasach;
- An deifir atá le hinfrastruchtúr foghlama, taighde agus sóisialta champas an COBÁC a fheabhsú.
- Rinne an EUA athbhreithniú le gairid ar cháilíocht agus dearbhú cáilíochta in ollscoileanna na hÉireann a bhí coimisiúnaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ag Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Chuir an t-athbhreithniú sin béim orthu seo a leanas:
- An poitéinseal a bhaineann leis an gcuraclam a leasú, mic léinn a earcú, idirnáisiúnú agus uilechuimsitheacht shóisialta a thiocthadh as córas na modúl a thabhairt isteach;
- Na baic ar éifeachtacht acadúil agus riaracháin cruthaithe ag struchtúir chasta an COBÁC;
- An caighdeán agus an tiomantas a bhain le tacaíocht agus seirbhísí leasa shóisialaigh do mhic léinn;
- An gá le nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta agus taighde instiúideach a úsáid chun tacú le pleanáil agus straitéis acadúil.

3.5 Ollscoil Diantaighde

Agus úsáid á baint as an nath "ollscoil diantaighde," samhlaítear na critéir seo a leanas:

- Foras tiomanta d'eolas a chuardach ina bhfuil spiorad an fhiosrúcháin chriticiúil;
- Foras ina spreagtar tréine an taighde agus tiomantas do scoláireacht na mac léinn agus an teagasc agus an fhoghlaim.

Is éard atá i gceist le taighde ná eolas a chruthú, a chaomhnú, a thuiscint agus a athléamh. Gnéithe de thaighde na hollscoile iad scoláireacht, cruthaitheacht, aimsiú agus nuálacht. Ollscoil diantaighde a bheidh in COBÁC ina mbeidh éagsúlacht d'aschur taighde den scoth; leabhair, páipéir in irisí, paitinní, páipéir bheartais, litríocht agus ealaín.

Braitheann cáil agus tionchar na hollscoile atá dírithe ar dhiantaighde ar chaighdeán na hoibre a dhéantar, is é an marc um cháilíocht an tionchar acadúil, sóisialta, cultúrtha nó teicniúil.

Mar ollscoil atá dírithe ar dhiantaighde, cuirfidh an COBÁC foghlaim fochéime agus iarchéime ar fáil nach mbeidh a moladh le fáil in aon áit eile. Meallann ollscoileanna den sórt sin na mic léinn agus na taighdeoirí is fearr ar domhan. In éineacht leis sin, ní féidir le sochaí nach bhfuil ardoideachas iomaíoch go hidirnáisiúnta inti dul in iomaíocht leis na sochaithe is nuálaí, is oilte agus is fiontraí ar domhan.

Bíonn ollscoil atá dírithe ar dhiantaighde dírithe ar mhic léinn chomh maith agus cuirtear an taighde is fearr ar fáil leis na cláir foghlama agus teagaisc is fearr. Déantar fochéimithe agus iarchéimithe a theagasc leis an ábhar a fhaightear sa phróiseas fionnachtana.

3.6 Ár gcumas a fhorbairt

De réir mar a chruthaíonn an COBÁC é féin mar phríomhollscoil idirnáisiúnta, dírithe ar mhic léinn agus ar dhiantaighde, caithfear na bacainní stairiúla agus na teorainneacha infrastruchtúracha ar an bhforbairt sin a shonrú. Mar a ainmníodh thuas iad, léirigh athbhreithnithe seachtracha an poitéinseal iontach atá ag an COBÁC, bunaithe ar cháilíocht na gcomhaltáí foirne, na mac léinn agus na n-áiseanna. Léiríonn na hathbhreithnithe céanna seo, mar sin féin, go háirithe nuair a thógtar iad in éineacht le measúnachtaí inmheánacha ar dhearbhu cáilíochta, go bhfuil poitéinseal mór ann nach bhfuil bainte amach i gcomparáid le hinstiúidí cuí idirnáisiúnta eile.

Chomh maith leis sin, tá cosúlachtaí suntasacha sna cúiseanna a thugtar ar an gcás seo:

- Ní chuireann an stát leath a dhóthain infheistíochta in ardoideachas na hÉireann;
- An iomarca dámh, rann agus aonad acadúil eile a chuireann srian ar chomhoibriú idirdhisciplíneach agus teacht chun cinn disciplín nua;
- Is mór an difríocht idir na córais acadúla agus na córais riaracháin, rud a chiallaíonn go mbíonn ualach riaracháin rómhór ar an bhfoireann acadúil agus brú ar an bhfoireann riaracháin agus tacaíochta mar gheall nach bhfuil siad soiléir faoin ról atá acu;
- Múnla a roinneann acmhainní ag teipeadh maidir le húsáid deiseanna a thapú;
- Nósanna imeachta maidir le hearcaíocht agus dul chun cinn ró-ársa;

- Éiginnteacht idir rialachas agus bainistíocht i ngnó na hollscoile;
- Níor leagadh síos spriocanna ná meadarachtaí feidhmíochta;
- Easpa comhtháthaithe idir pleanáil straitéiseach, pleanáil acadúil agus seirbhísí tacaíochta;
- An fhírinne nach bhfuil ár n-iomaitheoirí, atá chun cinn cheana féin ar leibhéal éagsúla idirnáisiúnta, ag fanacht ina gcónaí.

4 CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Bainfidh an COBÁC a fhís amach tríd an gceann is fearr a fháil ar na bacainní atá ann faoi láthair agus é féin a scaradh amach ó institiúidí eile trí chuspóirí straitéiseacha áirithe a bhaint amach. Léireoidh sé a éagsúlacht agus rachaidh sé san iomaíocht chun na mic léinn is fearr a mhealladh trí chlár chéime mhealltacha agus mhodúlacha a chur ar fáil. Athrú suntasach amháin ná an méadú a dhéanfar ar ghníomhaíocht taighde agus clár chéime, clár struchtúrtha dhochtúireachta. Gheobhaidh an fhoireann acadúil tacaíocht ó chomhghleacaithe a úsáidfidh dea-chleachtas chun an institiúid a bhainistiú agus a riaradh. Tá sraith cuspóirí i bPlean Straitéiseach an COBÁC 2005 go 2008 a bhfuil sé mar aidhm leo misean agus fíís na hollscoile a fheidhmiú mar ghníomhaíochtaí cuí. Beidh an plean agus a dhul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí a luadh faoi réir athbhreithniú leanúnach.

4.1 Teagasc, foghlaim agus saol an mhic léinn

Caithfidh timpeallacht áirithe a bheith san ollscoil chun bheith ag foghlaim, ag fiosrú, ag cruthú agus chun bheith nuálach.

Teastaíonn pobal acadúil bríomhar, dinimiciúil agus ilcheardach uaidh seo agus aird i gcónaí ar chaighdeán ár gclár oideachais agus ár dtimpeallacht foghlama. Sa chás go bhfuil an pobal foghlama ilghnéitheach mar is cuí, caithfidh freagra a thabhairt ar an éagsúlacht cúlraí, riachtanas, spriocanna agus cuspóirí a bheidh ann dá bharr sin. Teastaíonn caighdeáin acadúla shoiléire agus dhúshlánacha uaidh seo chomh maith le solúbthacht sa churaclam agus a sheachadadh chun go mbainfidh gach duine a p(h)oitéinseal amach. Chomh maith leis sin teastaíonn timpeallacht foghlama chomhtháite ar ardchaighdeán ónár mic léinn, áiseanna den scoth do mhic léinn agus seirbhísí tacaíochta freagracha do mhic léinn agus deiseanna d'fhorbairt intleachtúil, phearsanta agus shóisialta.

Léireoidh an plean straitéiseach na croíluachanna seo chun an COBÁC a bhunú mar phríomhollscoil idirnáisiúnta ina bhfuil an méid seo a leanas:

- Scoth an teagaisc agus na foghlama mar gheall ar scoth an taighde agus an léinn;
- Caighdeán na gclár teagasc agus múinte ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde;
- Meallann na clár oideachais agus foghlama na mic léinn is fearr in Éirinn agus ar fud an domhain;
- Glacann foghlaimeoirí éagsúla páirt san ardoideachas agus baineann siad tairbhe as, agus is léir go bhfuil meas ar an éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha seo;
- Cuirtear an bhéim ar chur chuige atá dírithe ar mhic léinn agus atá comhtháite i leith na foghlama;
- Feictear tairbhe na mac léinn mar thairbhe den chaighdeán is airde, agus bíonn fáil ag gach mac léinn ar áiseanna agus ar thacaíocht chun a bhforbairt iomlánaíoch a fheabhsú;
- Is é an tacaíocht do mhic léinn, ó thaobh méid agus ó thaobh caighdeáin, an tacaíocht is fearr in earnáil ollscolaíochta na hÉireann agus chomh maith leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta;

- Bunchuspóir amháin atá ann ná na scileanna agus an tsuim a theastaíonn chun tiomantas ar feadh an tsaol a bheith ag duine d'fhoghlaim a fhorbairt, agus tacú leis an bhfoghlaim sin;
- Cruthaíonn an meascán de dhisciplíní clasaiceacha agus bunúsacha láidre, éiteas oideachais liobráláí agus cláir ghairmiúla láidre céimithe a chuireann cruth agus seirbhís ar fáil don tsochaí;
- Trína gníomhaíochta agus céimithe, téann an ollscoil chun sochair agus saibhríonn sí an comhdhéanamh sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch den saol.

Tá curaclam modúlach i gcóras seimeastar, bunaithe ar chreidmheasanna a chur i bhfeidhm do gach clár tábhachtach chun go leor de na cuspóirí léirithe thíos a bhaint amach agus is é sin an fhorbairt oideachasúil is tábhachtaí in COBÁC i rith an Phlean Straitéisigh seo.

Scoth an teagaisc agus na foghlama mar gheall ar scoth an taighde agus an léinn

Múintear an mac léinn in ollscoil diantaighde, foghlaimíonn agus maireann sé/sí in atmaisféar ardléinn, i dtimpeallacht ina ndéantar taighde ceannródaíoch. Úsáideann siad an próiseas trína bhfaightear eolas nua iad féin agus ansin bíonn siad in ann cur leis, é a mheas agus é a chur i bhfeidhm. Teastaíonn cur chuige ginearálta agus bearta sonracha chun a chinntiú go mbíonn éifeacht ag an taighde seo ar theagasc agus go spreagann sé mic léinn.

Chun feabhas i bhfoghlaim i ré an oll-ardoideachais a bhaint amach teastaíonn straitéis shoiléir chun bunluachanna na hollscoile a choinneáil: na caighdeáin is airde a thabhairt mar dhúshlán do gach mac léinn agus ag an am céanna tacaíocht a thabhairt dóibh chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach.

I measc na gcuspóirí sonracha atá sa chuspóir cuimsitheach seo tá tiomantas dóibh seo a leanas:

- Taighde agus scoláireacht a nascadh le teagasc agus le foghlaim;
- Foghlaim ghníomhach agus fhéintreoiraithe a spreagadh;
- Nuálaíocht i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnacht a chur chun cinn;
- Caighdeán a fheabhsú agus cultúr an chaighdeáin a chothú;
- A chinntiú go gcothaíonn forbairt foirne agus nósanna imeachta maidir le dul chun cinn an feabhas i dteagasc.

Na Príomhghníomhartha

- Curaclam modúlach ina bhfuil córas seimeastar a chur i bhfeidhm, ag tosú Meán Fómhair 2005 agus i gcrích Meán Fómhair 2007;
- Gach clár teagaisc iarchéime a bheith modúlach go hiomlán faoi Mheán Fómhair 2006, chun éifeachtach agus solúbthacht a mhéadú ag an leibhéal seo agus chun gné riachtanach mhúinte a sholáthar do chláir struchtúrtha dhochtúireachta;

- Leasú curaclaim a chur chun cinn ar leibhéal cláir agus modúil chun díriú ar an bpríomhchuraclam a shainmhíniú chomh maith leis na forthorthaí foghlama, lena n-áirítear forthorthaí ginearálta;
- An fócas a athrú ó theagasc go foghlaim, ó smeareolas go doimhneacht, ó theagascóir go mac léinn;
- Modúil agus gníomhaíochtaí taighde a thabhairt isteach ag gach leibhéal de na cláir fochéime;
- Céimithe a bheith ag cabhrú le foghlaim fochéime ar bhealach struchtúrach;
- Ciste tionscanta iomaíoch straitéiseach a chruthú ar mhaithe le teagasc agus le foghlaim;
- Struchtúr láidir tacaíochta acadúil, oideachais agus teicniúil a fhorbairt do nuálaíocht i dteagasc;
- Próiseas láidir a bhunú chun caighdeán an teagaisc a fheabhsú lena n-áirítear aiseolas ó na mic léinn, athbhreithniú píaraí agus measúnacht sheachtrach ar chlár;
- An próiseas ina n-oiltear an fhoireann i dteagasc, lena n-áirítear cláir mheantóireachta, a dhéanamh foirmeálta agus a fheabhsú, agus meicníochtaí a sholáthar chun tacú le forbairt leanúnach ghairmiúil;
- A chinntiú go ndéantar feidhmíocht i dteagasc a mheas i meicníochtaí luach saothair agus dul chun cinn;
- Scoileanna láidre a chur le chéile le mais chriticiúil cláir mhodúlacha oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar agus forbairt foirne a chinntiú;
- Cláir ghairmiúla agus gairmchláir a fhreastalaíonn ar riachtanais náisiúnta a chothú agus a fhorbairt ag caighdeán idirnáisiúnta.

Na mic léinn is fearr a fháil agus an leas is fearr a bhaint as a bpoitéinseal

Braitheann ardfhoghlaim go mór ar chumas agus obair na mac léinn, agus ar an bpobal a bhfuil siad mar pháirt de san institiúid. Meallfaidh príomhollscoil ar bith na mic léinn is fearr, agus saibhroidh siad seo an t-eispéireas do gach foghlaimeoir trí ardchaighdeán a bhaint amach agus a gcomhghleacaithe a spreagadh.

Teastaíonn athrú bunúsach i meoin an COBÁC i leith mic léinn ionchasacha: go bunúsach, athrú ó iontráil go hearcú. Féadfaidh na mic léinn is fearr an institiúid ardoideachais is fearr a fheileann dóibh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, a roghnú. Caithfidh an COBÁC mic léinn a mhealladh bunaithe ar chaighdeán agus ar éagsúlacht an chlár, an réimse deiseanna ar fáil sa churaclam modúlach, ar fheabhas agus cáil idirnáisiúnta na foirne teagaisc agus ar infheistíocht leanúnach i dtimpeallacht na foghlama.

Tá mic léinn phoitéinsiúla ann chomh maith agus cé go mbeadh cúnamh, treoir nó ullmhúchán ag teastáil uathu don ardoideachas, bhainfidís tairbhe agus chuirfidís go mór leis an bpobal foghlama agus leis an tsochaí. Caithfidh an earcaíocht mic léinn eile seachas na mic léinn thraidisiúnta a mhealladh, le straitéisí sonracha agus oiriúnacha nuair is gá.

I measc na gcuspóirí sonracha atá sa chuspóir cuimsitheach seo tá tiomantas a chinntiú go bhfuil cláir mar seo a leanas:

- den chaighdeán is airde;
- in oiriúint do riachtanais na mac léinn aonair;
- margaíocht chuí déanta orthu agus fógartha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Príomhghníomhartha

- An curaclam modúlach i gcóras seimeastar a chur i bhfeidhm chun an rogha is fearr a thabhairt agus tairiscintí oideachais ar leithligh a éascú;
- Straitéis chuimsitheach a fhorbairt dírithe ar mhic léinn a earcú (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) lena n-áirítear úsáid straitéiseach na gcóras leictreonach faisnéise, cóiríocht ar campas agus scoláireachtaí.

An pobal foghlama a éagsúlú agus béim a chur ar fhoghlaim chomhtháite

Tá cuntas maith teiste ag an COBÁC maidir le rannpháirtíocht i gcláir cosúil le NewERA agus an tSeirbhís Tacaíochta Mhíchumais a leathnú, straitéisí áirithe a fhorbairt agus tacaí do mhic léinn a raibh bacainní orthu go traidisiúnta maidir le hardoideachas.

Tógfaidh an COBÁC ar an tiomantas agus ar an taithí sin le go mbeidh sí ina foras atá uilechuimsitheach go sóisialta agus go mbeidh an cháil sin uirthi. Bainfear é sin amach ar an gcéad dul síos trína chinntiú go mbíonn cláir theagaisc agus timpeallacht na foghlama in oiriúint do gach mac léinn féideartha, agus trí spriocanna sonracha a shonrú agus a leagan síos agus straitéisí sainiúla earcaíochta, tacaíochta agus coinneála a threisiú agus a bhunú.

Ní leor go n-athródh an COBÁC amháin; ní mór dúinn oibriú i gcomhpháirtíocht le Forais Ardoideachais eile agus leis an Stát chun an leas is mó a bhaint as tionchar ár dtionscnamh agus chun cuidiú le clár oibre náisiúnta a leagan síos don éagsúlacht agus don uilechuimsitheacht. Ar na cuspóirí sainiúla atá mar chuid den chuspóir forghabhálach seo tá tiomantas do na nithe seo a leanas:

- Conairí nua iontrála a oscailt agus sásraí solúbtha forchéimniúcháin a chur i bhfeidhm;
- Leathnú a dhéanamh ar na modhanna measúnachta agus teagaisc a úsáidtear chun freastal a dhéanamh ar riachtanais agus ar stíleanna éagsúla foghlama;
- Sprioc 20% a bhaint amach maidir le hiontráil mic léinn Éireannacha a bhfuil cúlraí neamhthraidisiúnta (faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, mic léinn lánfhásta agus mic léinn faoi mhíchumas) acu.

Príomhghníomhartha

- Soiléiriú agus leathnú a dhéanamh ar chórais forchéimniúcháin agus carntha creidmheasanna agus an curaclam modúlach á chur i bhfeidhm;

- Sárchleachtas a scaipeadh maidir le modhanna uilechuimsitheacha teagaisc agus measúnachta;
- Seirbhísí comhtháite comhairle riaracháin agus comhairle acadúla do mhic léinn a fhorbairt;
- Idirbheartaíocht a dhéanamh ar shocruithe maoiniúcháin níos solúbtha leis an Údarás um Ard-Oideachas;
- Sásraí forchéimniúcháin agus ‘dréimírí deiseanna’ ón earnáil Bhreisoideachais agus Institiúidí Teicneolaíochta a bhunú;
- Comhpháirtíochtaí oideachais a bhunú le hInstitiúidí Teicneolaíochta áitiúla.

Eispéireas an COBÁC a idirnáisiúnú

Is gné ríthábhachtach den saol nua-aimseartha é taitní a fháil ar idéanna, cultúir, teangacha agus eispéiris éagsúla agus ba chóir é sin a bheith mar lárghné d’eispéireas mhic léinn an COBÁC freisin. Ní mór don COBÁC tabhairt faoi phróiseas, ar bhealach réamhghníomhach, chun milieu cultúir na hOllscoile againne a éagsúlú. Is iad na cuspóirí sonracha a bheidh againn:

- A chinntiú gur ceann scríbe é an COBÁC a roghnóidh na mic léinn idirnáisiúnta is fearr agus é mar sprioc againn gurb ionann iad agus 20% de líon iomlán na mac léinn againne faoi 2008;
- A chinntiú, faoi 2008, go mbeidh deis ag 30% de mhic léinn fochéime an COBÁC seimeastar amháin ar a laghad a chaitheamh thar lear;
- Cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena chinntiú go ndéanfar mic léinn idirnáisiúnta a chomhtháthú isteach i bpobal an COBÁC agus, ar an gcaoi sin, eispéireas champas an COBÁC a shaibhriú do gach mac léinn.

Príomhghníomhartha

- Straitéis chomhtháite idirnáisiúnúcháin a fhorbairt a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí fochéime, iarchéime agus taighde, agus a thugann aghaidh ar an iliomad saincheisteanna a imríonn tionchar ar an réimse seo;
- A chinntiú, trí mhodúlú agus carnadh creidmheasanna a chur i bhfeidhm, go mbeidh tairiscintí oideachais ag teacht le Dearbhú Bologna, agus le córais Stáit Aontaithe Mheiriceá agus le córais eile freisin;
- Gníomhaíochtaí dáimhe agus ollscoile a fhorbairt agus a chomhordú i réimse na mac léinn idirnáisiúnta, agus línte soiléire freagrachta a bhunú maidir le hearcaíocht, bliain shóisearach thar lear agus gníomhaíochtaí malartúcháin;
- Ollscoileanna áirithe ar ardchaighdeán san Eoraip agus lasmuigh di a shonrú agus díriú orthu chun tabhairt faoi chláir mhalartúcháin do mhic léinn eatarthusan agus an COBÁC;

- Cláir mhargaíochta a fhorbairt agus a acmhainniú trí úsáid a bhaint as bealaí leictreonacha agus traidisiúnta a bheadh dírithe ar ghrúpaí sonraithe de mhic léinn idirnáisiúnta;
- Tacaíocht infrastruchtúrach agus acadúil den scoth a chur ar fáil a oireann do riachtanais na mac léinn idirnáisiúnta d'fhonn iad a mhealladh agus cur ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh;
- Raon comhsheasmhach tacaí a chur ar fáil do mhic léinn Éireannacha agus iad ar chlár mhalartúcháin thar lear.

Timpeallacht mhac léinn-dírithe ar chaighdeán domhanda a chruthú chun tacú le forbairt iomlánaíoch ár gcuid mac léinn

Glacfaidh an COBÁC bearta sonracha chun timpeallacht a mbaineann níos mó tacaíochta léi a fhorbairt do mhic léinn – timpeallacht a thiocfaidh leis an sárchleachtas idirnáisiúnta. Is é an cuspóir atá ann ná forbairt leathan agus iomlánaíoch na mac léinn uile a chinntiú, rud a shaibhreoidh agus a bhainfidh an leas is fearr as ár gclár teagaisc agus léinn.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Rochtain ar ár n-áiseanna foghlama a leathnú agus a fheabhsú;
- Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun eispéireas na foghlama a fheabhsú agus chun campas fíorúil a fhorbairt;
- Timpeallacht uilechuimsitheach campais a chruthú ina mbeidh teacht ag raon leathan úsáideoirí féideartha ar áiseanna;
- A chinntiú go ndéanfar áiseanna cultúir, áineasa agus spóirt a fhorbairt ina n-iomláine agus go mbeidh ár gcuid mac léinn, comhaltaí foirne, comhaltaí alumni agus an pobal níos leithne á n-úsáid;
- Ár gcóiríocht ar an gcampas a fhorbairt mar ghné lárnach de shaibhriú phobal an COBÁC.

Príomhghníomhartha

- An rochtain ar áiseanna leabharlainne, ríomhaireachta, saotharlainne agus staidéir a fhorbairt agus a leathnú agus é mar sprioc shonrach againn rochtain 24 uair an chloig a bheith ann do chuid mhór dár gcuid áiseanna;
- Tús a chur le clár infheistíochta straitéisí i dteicneolaíocht an tseomra ranga, i dtimpeallachtaí fíorúla na foghlama agus in infrastruchtúr na foghlama leictreonaí;
- Clár a chur i bhfeidhm chun úsáid iomlán ár n-áiseanna a chothú agus a spreagadh agus go háirithe chun cláir luachmhara acadúla agus chultúir a fhorbairt a reáchtáiltear i rith mhíonna an tsamhraidh;
- Cláir a fhorbairt agus a chothú chun uchtach a thabhairt do mhic léinn agus don phobal níos leithne páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt, cultúir agus áineasa. Beidh gá leis an

acmhainn agus leis an gcaighdeán a bhaineann le cuid dár n-áiseanna a athbheithniú mar chuid den phróiseas sin agus iad a fhorbairt/leathnú de réir mar is cuí;

- Ár gcóiríocht chónaithe a fhorbairt, a leathnú agus a athchóiriú.

Seirbhísí ábhartha tacaíochta a chur ar fáil dár gcuid mac léinn in am is i dtráth

Tuigimid go maith nach mbíonn an saol éasca i gcónaí do go leor dár gcuid mac léinn. D'fhéadfadh deacrachtaí airgid, síceolaíochta, cultúir nó fisiciúla a bheith acu. Agus é mar mhian atá againn a bheith ar thús cadhnaíochta mar ollscoil, ní mór dúinn tacaí cuí a chur ar fáil dár gcuid mac léinn chun cuidiú leo na deacrachtaí sin a shárú. Go sonrath, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- A chinntiú go mbeidh seirbhísí foirmiúla nach beag tacaíochta i bhfeidhm ar fud na hollscoile;
- Cuidiú le cúnaimh airgid a chur ar fáil d'fhonn a chinntiú go laghdófaí an baol a bheadh ann go dtarraingeodh mic léinn amach as saol na hollscoile ar chúiseanna airgid;
- Seirbhísí cúram sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte a fhorbairt go suntasach.

Príomhghníomhartha

- Foirne tacaíochta dámhbhunaithe a chur le chéile agus a acmhainniú i ngach ceann de na dámha atá againn;
- Cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don fhoireann riaracháin agus acadúil araon i dtaca le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn;
- Cur go mór leis an gclár atá ann faoi láthair maidir le sláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na mac léinn a chothú;
- Clár a chur i bhfeidhm chun cúnaimh a thabhairt do mhic léinn a bhfuil ioncam íseal ag baint leo agus do mhic léinn a mbíonn deacrachtaí airgid acu;
- Aitheantas agus uchtach a thabhairt don tacaíocht a chuireann Aontas na Mac Léinn in COBÁC ar fáil do mhic léinn trí oibriú leis an Aontas agus cuidiú leo struchtúir chomhairle agus oiliúna a chur ar bun d'oifigigh an Aontais a mbíonn baint acu le tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn.

Cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil a chothú

De bharr an luach bunúsach a bhaineann leis an oideachas, an ráta fáis a bhaineann leis an eolas agus luas an athraithe shóisialta agus teicneolaíochta, is rud í an fhoghlaim a bhíonn ar siúl ar feadh an tsaoil anois. Aithníonn an COBÁC an gá agus an mhian a bhíonn ag daoine a gcuid eolais a leathnú, cur lena gcuid scileanna agus filleadh ar eispéireas na foghlama ag gach pointe dá saol. Táimid tiomanta don chur chuige sin i leith an tsaoil a chothú agus na riachtanais sin a chomhlíonadh.

Ar na cuspóirí sonracha atá againn tá:

- Scileanna ilúsáide foghlama a bheith mar chuid de gach curaclam croíláir i ngach clár;
- Leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le modúlú chun gnéithe dár gcláir thraidisiúnta a chur ar fáil d'fhoghlaimoirí a thugann faoin bhfoghlaim ar feadh an tsaoil;
- Leanúint ar aghaidh leis na cláir thiomanta aosoideachais agus forbartha leanúnaí gairme – cláir a bhfuil ag éirí thar cionn leo.

Príomhghníomhartha

- Comhdhlúthú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí reatha aosoideachais agus forbartha gairme agus múnla modúlach um aistriú agus carnadh creidmheasanna a chur i bhfeidhm.
- Tionscnaimh spriocdhírthe ríomhfhoghlama a fhorbairt chun freastal ar riachtanais shonracha foghlama agus saoil na bhfoghlaimoirí atá sa réimse seo.

4.2 Taighde agus Léann

Taighde an ghineann eolas, cibé acu an bhfuil an ghiniúint agus an t-eolas sin cruthaitheach nó eolaíoch. Is é sprioc an taighde in COBÁC ná an taighde cruthaitheach; as an taighde seo faighimid, i measc rudaí eile, foilseacháin, maoin intleachtúil agus ioncam. Braitheann deontais agus ioncam taighde, go háirithe sna disciplíní eolaíochta, ar chuntas teiste foilseachán ar ardchaighdeán den chuid is mó. Dá réir sin freisin sna dána agus sna heolaíochtaí sóisialta, braitheann cáil forais ar chaighdeán an aschuir fhoilsithe. Dá bhrí sin, is éard a bhíonn i bhfoilseacháin archlú ná airgeadra ag clár taighde ollscoile.

Ní mór gur ollscoil é an COBÁC a mheallfaidh agus a choinneoidh na taighdeoirí is fearr trí chlár iarchéime ar féidir leo dul san iomaíocht leis na forais is fearr ar fud an domhain a sheachadadh. Mura mbeidh rogha sa tír seo ag na mic léinn is fearr atá againn, fágfaidh siad Éire chun dul chuig forais in áiteanna eile a dhíríonn ar an taighde agus atá in ann cláir agus oiliúint den scoth a chur ar fáil agus iad á seachadadh ag taighdeoirí a bhfuil teist mhaith a gceirde orthu.

Chuige sin, is mian leis an COBÁC timpeallacht a chruthú a spreagann agus a mheallann taighdeoirí den scoth ó gach disciplín – timpeallacht a chruthóidh muinín as an COBÁC mar cheann scríbe do chomhpháirtíochtaí tráchtála agus a chuireann an COBÁC ar thús cadhnaíochta maidir le maoiniú do thaighde. Laistigh den chreat sin, cuimseoidh an COBÁC luachanna bunúsacha na saoirse agus na scoláireachta acadúla, arna rialú ag na caighdeáin is airde ghairme agus eitice.

Scoth agus éagsúlacht an taighde ar fud na hOllscoile

Braitheann an rath a bheidh ar an COBÁC amach anseo ar thionchar idirnáisiúnta a bheith ag ár gcuid taighde agus léinn agus iad ag tógáil ar réimsí a bhfuil éirithe linn iontu cheana féin mar aon le láidreachtaí atá ag teacht chun cinn agus leas á bhaint as na tallanna éagsúla atá laistigh den fhoras seo. Is éard a bheidh i gceist leis ná clár infheistíochta straitéisí i réimsí tosaíochta.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Réimsí láidreachta a shonrú chun tosaíocht a thabhairt dóibh;
- Díriú ar thaighde a mbaineann tionchar láidir eolaíochta, sóisialta agus cultúir leis;
- Na hacmhainní agus an t-am a bhíonn de dhíth ar chomhaltaí foirne a bhíonn gníomhach i gcúrsaí taighde a chur ar fáil dóibh;
- Cláir idirdhisciplíneacha a chothú;
- Ár gcláir taighde a idirnáisiúnú.

Príomhghníomhartha

- An próiseas athbheithnithe ar láidreachtaí taighde a thabhairt chun críche;#
- Múnlaí rialachais agus straitéiseacha a shonrú d'fhorais taighde;
- Comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunú le forais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ar thús cadhnaíochta;
- An taighde a bhunú mar phríomhthiománaí de chuid mhúnla leithdháilte acmhainní an COBÁC;
- Athbheithniú a dhéanamh ar leithdháileadh agus úsáid spáis bunaithe ar aschuir taighde;
- Disciplíní agus teicneolaíochta cumais a threisiú;
- Maoiniú tosaigh a thabhairt do réimsí atá ag teacht chun cinn i ngach disciplín.

Taighdeoirí ar thús cadhnaíochta a mhealladh agus a choinneáil

Éilíonn ollscoil a thugann faoi thaighde ar bhonn suntasach go mbeadh formhór na foirne acadúla gníomhach i gcúrsaí taighde arna thomhas de réir critéar a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tógann an plean straitéiseach seo ar fheabhas na foirne acadúla againn, feabhas a bhfuil teist air. Áirítear air bearta sonracha chun uchtach, tacaíocht agus luach saothair a thabhairt do ghníomhaíocht taighde agus chun a chinntiú go meallfaidh agus go gcoinneoidh an COBÁC taighdeoirí den scoth.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Líon na n-acadóirí atá gníomhach i gcúrsaí taighde a mhéadú ar fud an fhorais;
- Gairmeacha agus oiliúint taighde a phroifisiúnú;
- Dul san iomaíocht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta do thaighdeoirí den scoth.

Príomhghníomhartha

- Feachtas earcaíochta do cheannródaithe taighde i réimsí tosaíochta a idirnáisiúnú;

- Rannpháirtíocht fhoirmiúil in COBÁC a bheith ag taighdeoirí, scoláirí agus daoine gairmiúla a chuireann lenár misean acadúil, cé nach bhfuil siad fostaithe go díreach ag an COBÁC;
- Córas aitheantais agus luach saothair don taighde a fhorbairt tuilleadh;
- Conairí gairme a fhorbairt do thaighdeoirí:
 - Oiliúint fochéime taighdebhunaithe a bhunú;
 - Cláir PhD struchtúrtha taighdebhunaithe a bhunú;
 - Cláir oiliúna taighde iardhochtúireachta a bhunú;
 - Conair struchtúrtha agus shofheicthe tionachta a fhorbairt;
 - Oiliúint phríomhshrutha i mbainistíocht taighde, ceannaireacht agus fiontraíocht;
- Leanúint ar aghaidh le hathnuachan agus le forbairt an infrastruchtúir taighde:
 - Leanúint ar aghaidh leis an gclár um athchóiriú saotharlann agus oifigí;
 - Leanúint ar aghaidh leis an infheistíocht i dteicneolaíochtaí cumasúcháin, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise;
 - Pleanáil straitéiseach agus réamhthástáil do thionscnaimh nua trí dheontais iomaíocha;
 - Bailiúcháin na cartlainne agus na leabharlainne a fhorbairt.
- Cóiríocht agus áiseanna foirne a fhorbairt ar an gcampas agus lasmuigh de.

Cur leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim trí thaighde

Gné shuntasach d'eispéireas foghlama ollscoile is ea go mbíonn taighde reatha mar bhonn faisnéise leis agus go dtarlaíonn sé in atmaisféar na fionnachtana, na cruthaitheachta, na léirmheastóireachta agus na spreagthachta is dual don léann. Cinnteoidh an COBÁC go gcuirfidh an t-ardchaighdeán i gcúrsaí taighde go díreach agus go hindíreach leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim ar fud na hollscoile.

Déanfaimid na nithe seo a leanas go sonrath:

- Cinntiú go mbíonn an taighde mar bhonn le cláir theagaisc;
- Na mic léinn fochéime is fearr a choinneáil do chláir iarchéime;
- Cur le luach na gcéimeanna iarchéime.

Príomhghníomhartha

- Cinntiú go mbeidh ról lárnach ag acadóirí atá gníomhach ó thaobh taighde de i gcláir theagaisc;
- Gnéithe taighde na gelár fochéime a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear modúil shonracha taighdebhunaithe;
- Dámhachtainí iomaíocha taighde a bhunú d'fhochéimithe;
- Cláir fhriothálacha a chur le chéile d'iarchéimeanna.

Ceannródaí náisiúnta agus Eorpach in oideachas iarchéime

Cé go bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach ag an COBÁC de thoradh chaighdeán a cuid teagaisc, braitheann ár dtodhchaí ar chlár dhochtúireachta a bheith againn ar chaighdeán agus seasamh leordhóthanach idirnáisiúnta chun na mic léinn is fearr a mhealladh. Tá sé sin ríthábhachtach d'fhorbairt an COBÁC amach anseo mar ollscoil diantaighde, do bhríomhaireacht an lucht acadúil, agus do rath na hÉireann mar shochaí eolais.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- PhD de chuid an COBÁC a chruthú ar léiriú é ar ardchaighdeán na hollscoile;
- Dul i dtreo cláir oiliúna PhD struchtúrtha, de réir na ndeiseanna maoiniúcháin a thiocfaidh chugainn;
- Acmhainniú a dhéanamh ar chreat a thabharfaidh ardchaighdeán i gcric agus a mhéadóidh líon na mac léinn iarchéime cláraithe ag an am céanna.

Príomhghníomhartha

- Cláir oiliúna PhD a bhunú arna n-eagrú i scoileanna iarchéime a mbaineann na nithe seo a leanas leo:
 - Cláir iarchéime struchtúrtha dhisciplínbhunaithe;
 - Nósanna imeachta iomaíocha iontrála agus measúnachta;
 - Luach saothair agus aitheantas d'fheidhmíocht an mhic léinn agus an stiúrtóra;
 - Cláir shainoiriúnaithe trí mhodúlú;
 - Déanfaidh céim a bhronntar mar Mháistreacht/PhD éascaíocht do luathmheasúnacht agus cuirfidh siad le líon roghanna an mhic léinn;
 - Meantóireacht, comhairle gairme agus forbairt gairme a chur ar fáil go soiléir;
 - Mic léinn ó thar lear a earcú go gníomhach;
 - Iontrálacha agus oiliúint a riaradh go lárnach.
- Gníomhaíocht iarchéime na mac léinn a bheith mar chuid den mhúnla um dháileadh acmhainní;
- Idirnáisiúnú, caighdeán agus bainistíocht traschampais a bhunú trí Stiúrtóir Léann Iarchéime.

Cuidiú leis na cuspóirí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúir atá ag sochaí eolais

Is iad príomhspricanna na hollscoile ná eolas a chruthú, a chaomhnú, a léirmhíniú agus a scaipeadh. Tá oibleagáid ann freisin an t-eolas sin a aistriú agus a chur i bhfeidhm ar maithe leis an tsochaí, bíodh sin go heacnamaíoch, go sóisialta nó go cultúrtha. Tá an COBÁC tiomanta d'aistriú eolais i ngach réimse den taighde agus den léann. Ar na cuspóirí sainiúla atá ann faoin bplean straitéiseach seo tá tiomantas do na nithe seo a leanas:

- Cláir thaighde an COBÁC a thabhairt i gcomhthreo le cuspóirí sóisialta, cultúir agus eacnamaíocha na hÉireann;
- An leas is fearr a bhaint as ár gcláir thaighde;

- Cultúr fiontraíochta a chothú.

Príomhghníomhartha

- Cur le haistriú eolais trínár gclár ceannródaíoch, NovaUCD;
 - Tús a chur le clár bainistíochta eolais;
 - Maoin intleachtúil an COBÁC a shonrú agus a chosaint;
 - An fhoireann atá againn a oiliúint ó thaobh aistriú eolais agus fiontraíochta;
 - Na cláir NITM agus NovaUCD a chomhtháthú.
 - Maoin intleachtúil an COBÁC a thráchtálú trí cheadúnú agus cuideachtaí seachthairbhe;
- Ionad um Thaighde Beartais a bhunú chun cuidiú le haistriú eolais ó na daonnachtaí, na heolaíochtaí daonna agus ó dhisciplíní gaolmhara;
- An Global Irish Institute a bhunú mar léiriú ar spéis níos leithne i bpobal domhanda na hÉireann agus tacaíocht don phobal sin;
- Leanúint ar aghaidh ag bunú comhpháirtíochtaí straitéiseacha le lucht tionscail, leis an earnáil phoiblí agus le heagraíochtaí sóisialta agus cultúir;
- Seirbhísí taighde a fhorbairt.

An COBÁC mar cheann scríbe den scoth d'infheistíocht i dtaighde ar ardchaighdeán

Braitheann acmhainn taighde an COBÁC agus caighdeán an taighde sin ar infheistíocht sheasta ag leibhéal a bheadh inchurtha lenár n-iomaitheoirí idirnáisiúnta. Ní mór dúinn céimeanna sonracha a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go meallfaidh an COBÁC leibhéal chúí mhaoiniúcháin taighde ó fhoinsí éagsúla.

Go sonrach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Deiseanna a chruthú d'ioncam deontais neamhshrianta agus piara-athbhreithneithe don taighde;
- Tabhairt ar an rialtas infheistíocht a dhéanamh i dtaighde;
- An bonn maoiniúcháin a leathnú trí ghaolmhaireachta reatha a láidriú agus trí chomhpháirtíochtaí nua a bhunú;
- An leas is fearr a bhaint as ár gcláir taighde ar fud na hollscoile chun deiseanna nua a chruthú.

Príomhghníomhartha

- Spriocdhírú ar chláir thosaíochta don taighde institiúideach i dtreo réimsí ina bhfaightear tacaíocht ó ghníomhaireachtaí;

- Luach saothair agus aitheantas a thabhairt do thacaíocht taighde ardghradaim, don nuálaíocht agus don tráchtálú, do phaitinní agus gradaim tionscail agus do thionscnaimh bheartais;
- Aitheantas a thabhairt d'ioncam deontais laistigh den mhúnla um dháileadh acmhainní;
- Cur le soláthar forchostais taighde do réimsí a mbaineann tábhacht straitéiseach leo;
- Luach saothair agus aitheantas a thabhairt do bhallraíocht ar bhoird rialtais agus i gcomhlachtaí carthanachta;
- Cuidiú le beartas an rialtais um thaighde trí ráitis bheartais;
- Creat caidrimh phoiblí a fhorbairt a chuireann an rath taighde a bhíonn orainn in iúl don saol mór;
- Múnla costais iomláin a fhorbairt don taighde a mbeidh optamú forchostais taighde mar chuid de;
- Geilleagar láidir taighde a fhorbairt trí spriocdhírú ar acmhainní a bhíonn ar fáil agus leas a bhaint astu – acmhainní cosúil le:
 - Gníomhaireachtaí stáit;
 - Creatchláir Eorpacha;
 - Deonacháin ó dhaonchairde agus deonacháin charthanacha;
 - Tráchtálú aschur an taighde.

5 TACÚ LEIS AN STRAITÉIS

5.1 An fhoireann – an phríomhacmhainn atá againn

Chun straitéis an COBÁC a bhaint amach, éileofar tiomantas ollmhór don fhoireann: earcú straitéiseach comhaltaí nua foirne agus éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt iomlán na gcomhaltaí reatha foirne. Is é an toradh a bheidh ar thacú leis an straitéis trínár bhfoireann ná gur áit a bheidh in COBÁC ina mbeidh meas ar an duine aonair agus ina ndéanfar an duine aonair a chothú, áit a ndéanfar an fheidhmíocht a mheas ar bhealach cuí agus struchtúrtha, agus tacaíocht a bheith ar fáil do dheiseanna cuí don fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil.

Is foras é an COBÁC a mbeidh na nithe seo a leanas ag baint leis:

- Beidh meas ar an duine aonair mar lárthéama de chuid chultúr na heagraíochta;
- Beidh comhionannas deiseanna le feiceáil go follasach;
- Beidh deiseanna chun dul chun cinn gairmiúil a dhéanamh agus chun scileanna a fhorbairt oscailte do gach comhalta foirne;
- Déanfar pleanáil chúramach don dinimiciúlacht idir forbairt comhaltaí reatha foirne agus comhaltaí nua foirne a earcú d'fhonn éascaíocht a dhéanamh d'fhorbairt comhaltaí nua foirne trí mheantóireacht agus ag an am céanna deis a thabhairt d'inniúlachtaí nua teacht isteach chun scileanna nua a fhobairt i measc na gcomhaltaí reatha foirne;
- Déanfar an fheidhmíocht a mheas os coinne tomhais ábhartha sheachtracha arna mbailíochtiú go hidirnáisúnta agus tabharfar luach saothair do ghnóthachtálacha agus don fheabhas;
- Tabharfar an t-aitheantas céanna don obair a dhéanann gach comhalta foirne (comhaltaí acadúla, riaracháin, teicniúla agus tacaíochta), agus beidh deiseanna cuí forbartha pearsanta agus gairme, conairí forchéimniúcháin agus sásraí maidir le haitheantas agus luach saothair a thabhairt do ghnóthachtálacha agus d'fheidhmíocht ag comhaltaí foirne uile na hollscoile.

Meas ar an duine aonair

I gcroílár straitéis an COBÁC i leith na forbartha foirne tá tiomantas don chomhionannas, don chothroime agus do mheas ar gach comhalta foirne atá againn. Déanfaidh an COBÁC na nithe seo a leanas:

- Cinntiú go bhfeictear go bhfuil an COBÁC chun tosaigh i measc fhostóirí na hÉireann ó thaobh comhionannais agus chothroime i dtaca lenár mbeartais earcaíochta agus forbartha foirne;
- Meas a léiriú ar an duine aonair trí bheartais shonracha agus trí chultúr an mheasa a chothú agus a fhorbairt.

Príomhghníomhartha

- Ag tarraingt ar an *Employment Equality Audit* a foilsíodh le déanaí, clár a fhorbairt chun a chinntiú go mbainfidh an COBÁC na caighdeáin is airde amach ó thaobh comhionannais agus cothroime de. Beidh sé sin bunaithe ar ghnóthachtáil intomhaiste thar thréimhse shonraithe;
- Athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar bheartais um meas ar an duine aonair agus athchóiriú cultúir a chur i bhfeidhm nuair is gá chun a chinntiú go ndéanfar de réir na mbeartas sin.

An clár um oiliúint agus forbairt na foirne a athbhreithniú, a athfhócasú agus a athfhorbairt

Maidir le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach, braithfidh siad ar lucht oibre, idir acadúil agus riaracháin, a mbeidh a gcuid scileanna forbartha go leordhóthanach acu chun freagairt do na héilimh a bhaineann le timpeallacht a bhíonn ag síorathrú. D'fhonn leas a bhaint as na deiseanna sin déanfar infheistíocht nach beag i bhforbairt príomhscileanna.

Tá sé i gceist ag an COBÁC na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Béim a leagan ar an luach a chuirtear leis an duine aonair trí aonadchultúr institiúideach agus oibriúcháin a chothú a chruthaíonn foirne agus a spreagann obair thrasteorann ar bhealach a théann níos sia ná idirdhisciplíneacht acadúil;
- Deimhin a dhéanamh de go mbeidh deis ag comhaltaí foirne, ag gach leibhéal, raon scileanna idirdhisciplíneacha agus feidhmiúla a fhorbairt, scileanna a bheidh de dhíth orthu chun na poist atá acu a dhéanamh ag an leibhéal is fearr;
- Maidir le comhaltaí foirne a bhíonn ag súil le tabhairt faoi phost a mbaineann freagrachtaí éagsúla agus freagrachtaí níos mó leis, nó atá tar éis post den chineál sin a fháil, tabharfar tacaíocht dóibh chun inniúlachtaí a fhorbairt chun an post sin a dhéanamh agus chun an t-aistriú a dhéanamh chuig an bpost.
- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar infheistíocht airgid, a thagann le hollscoileanna eile san Eoraip, i bhforbairt scileanna;
- Raon leathan cur chuige forbartha scileanna a úsáid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí na ríomhfhoghlama.

Príomhghníomhartha

- Próifílí optamacha riachtanais scileanna a fhorbairt do chomhaltaí foirne i ngach catagóir, bunaithe ar Ollscoileanna ceannróideacha na hEorpa;
- Próifílí scileanna fhoireann an COBÁC a mheaitseáil leis na próifílí optamacha riachtanais scileanna;
- Plean cuimsitheach oiliúna a fhorbairt chun na scileanna a éilítear a sheachadadh agus béim á leagan ar an seachadadh trí phróisis na ríomhfhoghlama nuair is féidir.

Measúnú fheidhmíocht na foirne a chur ar bhonn foirmiúil

Déanfar feidhmíocht gach comhalta foirne de chuid an COBÁC a mheas os coinne cuspóirí sonracha sainmhínithe ar bhonn rialta. Ní féidir le forbairt agus forchéimniú gairme ná le luach saothair an fheabhais feidhmiú go héifeachtach agus go cothrom ach amháin i dtimpeallacht ina ndéantar feidhmíocht a thomhas agus a mheas. Déanfaidh an COBÁC na nithe seo a leanas:

- Múnla ualach oibre a fhorbairt don fhoireann acadúil, múnla a chinnteoidh cothroime, trédhearcacht agus táirgiúlacht;
- Deimhin a dhéanamh de go dtabharfaidh múnla an ualaigh oibre aitheantas do dhifríochtaí disciplíneacha agus do riachtanais faoi leith fhoireann na gclár gairmiúil;
- Critéir feidhmíochta a fhorbairt do gach grúpa foirne, i gcomhar le lucht leasa ábhartha – critéir a chuireann bonn le spriocanna na hollscoile a sheachadadh;
- Aitheantas agus luach saothair a thabhairt dóibh siúd a léiríonn leibhéil arda feidhmíochta os coinne critéir shonraithe.

Príomhghníomhartha

- An próiseas measúnachta a shonrú, a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air;
- Luach saothair d'fheidhmíocht ard a shonrú, a phoibliú, agus a léiriú ina dhiaidh sin.

Clár earcaíochta straitéisí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

Maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach i ngach príomhréimse de ghníomhaíocht na hollscoile, ó thaighde go teagasc agus foghlaim agus riarachán, beidh siad ag brath go mór ar tacair nua agus éagsúla scileanna a fhorbairt/a earcú don COBÁC.

Go sonrath, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Taighdeoirí atá ar thús cadhnaíochta a earcú sna réimsí tosaíochta aitheanta agus cur le líon na nOllúnachtaí chun mais chriticiúil a chruthú;
- Pacáistí solúbtha luach saothair a chur le chéile d'fhonn cur ar chumas an COBÁC comhaltaí foirne a mhealladh ó thar lear;
- Straitéisí earcaíochta a fhorbairt chun tacú le cláir thosaíochta ag a bhfuil gá le hathchóiriú mór curaclaim agus sa chás go bhfuil easnamh i dtacar scileanna i measc comhaltaí reatha foirne;
- Cumais riaracháin agus eagraíochtúla a fhorbairt trí earcaíocht straitéiseach ó earnálacha gairmiúla, seirbhíse poiblí, tionscail agus tráchtála.

Príomhghníomhartha

- Spriocréimsí a shonrú chun taighdeoirí sinsearacha a earcú dóibh agus úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cuardaigh agus roghnúcháin mar aon le cur chuige traidisiúnta earcaíochta;
- Sásraí cuí a bhunú chun níos mó acadóirí sóisearacha a earcú, lena n-áirítear sásra soiléir agus trédhearcach do chonair tionachta;
- Measúnú a dhéanamh ar fhorbairt cláir theagaisc agus ar fhorbairt cláir earcaíochta chun freastal ar na riachtanais sin;
- Straitéis a fhorbairt d'atheagrú na foirne teicniúla, riaracháin agus tacaíochta a chuirfidh le héifeachtacht na ndeiseanna oiliúna, forbartha agus forchéimniúcháin don fhoireann sin, i gcomhthéacs athchóiriú molta ar struchtúir acadúla an COBÁC;
- Measúnú criticiúil a dhéanamh ar na réimsí riaracháin agus eagraíochtúla ar mian leis an COBÁC feabhas a bhaint amach iontu agus pleananna earcaíochta a chur le chéile chun na cumais sin a fhorbairt.

5.2 Infrastruchtúr agus córais faisnéise

Tacaíocht agus forbairt córas

Ag teacht leis an sárchleachtas idirnáisiúnta, cuirfear tacaí suntasacha Teicneolaíocht Faisnéise agus riaracháin i bhfeidhm chun bonn a chur faoinár dtacaíocht do mhic léinn, faoinár dtaighde, faoinár dteagasc agus foghlaim agus faoinár bpróisis bhainistíochta. Níor chóir an bhéim a bheith ar sheirbhísí faisnéise a sholáthar amháin, ach freisin ar úsáid na faisnéise agus tascairí feidhmíochta chun cuidiú le lucht acadúil, taighde agus bainistíochta agus iad i mbun cinntí a dhéanamh.

Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht agus na seirbhísí infrastruchtúracha agus idirbheart a chuirtear ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann a chur i bhfeidhm agus a leathnú de réir straitéis chuimsitheach Teicneolaíocht Faisnéise an COBÁC;
- Athshainiú a dhéanamh ar an mian atá againn maidir le Teicneolaíocht Faisnéise a úsáid le go dtiocfaidh an t-athshainiú sin le hollscoileanna taighde den scoth a bheidh mar shlata tomhais againn dúinn féin;
- Athnuachan agus leathnú a dhéanamh ar an tiomantas atá againn do raon méadaithe idirghníomhaíochtaí agus tacaí teicneolaíochta a thabhairt dár gcuid mac léinn, dár gcuid mac léinn poitinsiúil, dár gcomhaltaí foirne agus dár gcomhpháirtithe acadúla;
- Cur le litearthacht na Teicneolaíochta Faisnéise ar fud phobal na hOllscoile;
- Córais faisnéise bainistíochta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, córais a chuirfidh ar ár gcumas bheith níos éifeachtaí agus sinn i mbun ár gcuid oibre, tuiscint níos fearr a fháil ar na hidirghníomhaíochtaí idir na gníomhaíochtaí atá againn, agus a thacóidh le slata tomhais a leagan síos maidir le méadrachtaí comparáideacha a úsáid.

- Oifig institiúideach taighde a bhunú a mbeidh dlúthcheangal idir í agus na feidhmeanna feabhais agus pleanála straitéisí d'fhonn an leas is fearr a bhaint as straitéisí, monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus bonn faisnéise a chur faoi chinntí.

5.3 Rialachas agus bainistíocht

Fágfar comhdhéanamh Údarás na hOllscoile gan athrú mar go gcinnteoidh sé seo gur féidir le comhdhamhna tábhachtach inmheánach de chuid na hOllscoile páirt a ghlacadh i rialachas na hollscoile. Mar bharr ar an athchóiriú trínar ceapadh cathaoirleach seachtrach ar Údarás na hOllscoile, agus faoi réir ag an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr, tá sé i gceist cathaoirleach neamhspleách a cheapadh ar an gCoiste Airgeadais, Luach Saothair agus Bainistíochta Sócmhainní.

Mar thoradh ar na cuspóirí agus na polasaithe a mholtar sa phlean straitéiseach seo teastóidh forbairt thráthúil a dhéanamh ar bheartais mhionsonraithe agus ar phleananna forfheidhmiúcháin. Déanfaidh an Bord Teagaisc agus Foghlama, an Bord Taighde agus Nuála, mar aon le bord nua ar a ngairfear an Bord um Cheapacháin Acadúla, Tionachta agus Ardú Céime cúram d'fhorbairt na mbeartas agus na bpleananna sin, a ndéanfaidh an Chomhairle Acadúil iad a phlé agus a fhaomhadh. Beidh ar an gComhairle Acadúil teacht le chéile níos minice agus a cuid nósanna imeachta um ghnáthghnó an lae a thabhairt faoi chuing na rialtacha má tá i ndán go ndéanfar beartais agus pleananna forfheidhmiúcháin a fhaomhadh taobh istigh d'achar réalaíoch ama.

Tá géarghá ann go dtabharfaí an próiseas atá ann maidir le cinnteoireacht acadúil faoi chuing na rialtacha. Ina theannta sin, agus i gcomhthéacs an athchóirithe ar struchtúir eagrúcháin COBÁC atáthar a mholadh (féach cuid 8) ní mór grinnshainiú a dhéanamh ar ról na Scoileanna, na nDámh, Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla agus na Comhairle Acadúla féin (faoi réir ag a chéile) i dtaca le déanamh cinntí i dtaobh ghnó acadúil na hOllscoile.

5.4 Cultúr na Cáilíochta

Is cuid lárnach d'fhís COBÁC go mbeadh an cháilíocht agus an t-iomaíochas idirnáisiúnta ina dtagarmharc ag gach gníomh dá ndéanaimid. Tá cúlra láidir ag COBÁC mar choláiste a bhí ar thús cadhnaíochta maidir le próisis dearbhaithe cáilíochta. Ní mór d'fhorbairt an chultúir sin a bheith mar phríomhchuspóir againn anois. Beidh leathnú ár gcuid modhanna dearbhaithe cáilíochta ar chuid den obair seo, ionas go leagfar béim feasta ar fheabhsú cáilíochta. Déanfar saineolas i dtaighde institiúideach a fhorbairt, rud a chuirfidh cruinnsonraí agus faisnéis chiallmhar ar fáil ar a mbunófar gach cinneadh acadúil agus bainistíochta agus gach meastóireacht cháilíochta. D'fhonn éifeacht ar bith a bheith leis an bhfeabhsú cáilíochta seo ní mór é a cheangal leis an bpróiseas pleanála straitéiseach foirmiúil ag leibhéal na Dáimhe agus na Scoile.

Príomhghníomhartha

- Taighde institiúideach a dhíreoidh ar fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht teagaisc agus taighde, le cáilíocht agus éifeachtacht, a bhunú;
- Próisis dearbhaithe cáilíochta a athrú ina gcur chuige feabhsúcháin cháilíochta;
- Tús a chur le pleanáil straitéiseach ag leibhéal na nDámh agus na Scoileanna faoi réir ag dea-chleachtas.

5.5 Cumarsáid, Forbairt agus Caidreamh *Alumni*

Maidir le lármhisean acadúil teagaisc agus taighde COBÁC agus cé mar a rathóidh sé, is iad na hacmhainní agus na dea-chleachtais is fearr dá mbaineann lena ghníomhaíochtaí sa chumarsáid inmheánach agus sheachtrach, i dtiomsú airgid agus i gcaidreamh alumni a bheidh mar thaca leis an iarracht sin. Léireofar na dea-chleachtais seo trí thiomantas na hollscoile do sheachadadh cuí a dhéanamh ar theachtaireachtaí gearra, gonta a léireoidh cáilíocht na hiarrachta acadúla seo ag COBÁC. Beidh an coláiste tiomanta do mhéadú suntasacha a chur ar leibhéal an mhaoinithe phríobháidigh a úsáidfear chun tacú le forbairtí, agus chun nasc níos láidre a chothú le gach glúin d'alumni COBÁC. Beidh prionsabal na coimhdeachta ina dhlúthchuid de chur i ngníomh na spriocanna seo; déanfar tascanna ar leith, mar is cuí, a chineachadh ar na dámha, agus fágfar príomhrólanna na ceannasaíochta, an chomhordaithe agus dhearbhu na cáilíochta faoin lárfeidhmeannas.

Branda láidir COBÁC a dhearadh agus a chur i bhfeidhm

Sonraíonn an cuspóir seo an tiomantas atá ann d'íomhá radharcach a léiríonn éiteas agus luachanna na hOllscoile, a léiriú.

Príomhghníomhartha

- Measúnú a dhéanamh ar na brandaí eile atá ann faoi láthair agus ardán seolta a sholáthar i gcomhair branda nua, faoi réir ag taithe ábhartha idirnáisiúnta;
- Comhghnásanna a dhearadh i gcomhair bhrandaí iomlán COBÁC agus i gcomhair imlonnú an bhranda;
- Forbairt a dhéanamh ar fho-bhrandaí dáimhe agus ar fho-bhrandaí eile d'fhonn teacht i dtír ar chomhcheangail na ndámh agus COBÁC le heagraíochtaí eile.

Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar cumarsáide COBÁC ar gheallsealbhóirí seachtracha

Tá COBÁC tiomanta don chumarsáid ghníomhach leis na geallsealbhóirí d'fhonn tacaíocht a fháil uathu i gcomhair chuspóirí straitéiseacha na hOllscoile.

Príomhghníomhartha

- Ardchaighdeán a fhorbairt i dtaca le gach cineál cáipéisíochta ar a n-áirítear eolaire na mac léinn, tuarascáil an Uachtaráin, ábhar earcaíochta mac léinn agus an t-ábhar margaíochta a chruthaítear ar son na n-ionad taighde agus na ndámh;
- Tabhairt faoi athchóiriú ó bhun a dhéanamh ar shuíomh idirlín COBÁC agus béim a leagan ar riachtanais na n-úsáideoirí;
- Tacaíocht a chur ar fáil do chomhaltaí foirne a bhíonn páirteach i gcumarsáid sheachtrach trí chomhairle agus cúnaimh praiticiúil a chur ar fáil.

Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar cumarsáide COBÁC ar mheáin ábhartha

Áirítear anseo:

- Faisnéis ionúil, bheacht, chuimsitheach a sholáthar mar fhreagra ar fhiosrúcháin fhrithghníomhacha ó na Meáin.
- Faisnéis in-nuachta a fhorbairt d'fhonn cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar gach a mbaineann COBÁC amach.

Príomhghníomhartha

- Príomhtheachtaireachtaí COBÁC a aithint agus a athbhreithniú ar bhonn rialta;
- Naisc le hiriseoirí lárnacha a bhunú agus a fhorbairt;
- Próisis éifeachtacha agus éifeachtúla a fhorbairt i dtaca le freagraí a thabhairt ar fhiosrúcháin ó na Meáin;
- Clár frithghníomhach do na Meáin a fhorbairt chun aird a tharraingt ar éachtaí na hOllscoile gona comhaltaí foirne agus mic léinn;
- Oiliúint sa Chumarsáid (do na Meáin) agus acmhainní riachtanacha eile a chur ar fáil d'urlabhráithe na hOllscoile;
- Córas cuí méadrachta agus meastóireachta i dtaca le gníomhaíochtaí cumarsáide ag leibhéal dáimhe agus ollscoile, a dhearadh do COBÁC agus a chur i ngníomh.

Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir agus ar ghníomhaíochtaí cumarsáide inmheánacha COBÁC

Áireofar anseo tiomantas chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Na heasnaimh agus na láidreachtaí atá le sonrú ar ghníomhaíocht agus struchtúr reatha na hollscoile a aithint;
- Spriocanna agus modhanna tomhaiste feidhmíochta i dtaca le gníomhaíocht chumarsáide inmheánach COBÁC, a shainiú.

Príomhghníomhartha

- Clár substaintiúil leasúcháin struchtúir i dtaca le cumarsáid inmheánach, a chur i ngníomh maille le forbairt a dhéanamh ar chóras méadrachta cuí;
- An oiliúint is gá, maille le hacmhainní eile, a chur ar fáil do na Comhdhéin d'fhonn an próiseas cumarsáide inmheánach a éascú.

Uasmhéadú a dhéanamh ar chumas tiomsaithe airgid COBÁC ó fhoinsí príobháideacha

Áireofar anseo tiomantas chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar phróiseas tiomsaithe airgid COBÁC; beidh mórfheachtas ina chuid den athbhreithniú sin;
- Liosta de dheontóirí móra, náisiúnta agus idirnáisiúnta, a aithint agus a earcú, agus measúnú a dhéanamh ar ionchas an chéad fheachtais.

Príomhghníomhartha

- Mórfheachtas tiomsaithe airgid a sheoladh agus é dírithe ar spriocghrúpaí áirithe;
- Earcú a dhéanamh ar an gcuid sin de cheannasaíocht agus d'fhoireann COBÁC a theastóidh i gcomhair an fheachtais;
- Earcaigh cheannasaíocha a aimsiú i gcomhair Bhord Feachtasaíochta COBÁC;
- Na struchtúir reatha a neartú agus forbairt a dhéanamh ar struchtúir dhámhbhunaithe um oibrithe deonacha, ar nós comhairlí forbartha, chun tacú leis an bhfeachtas tiomsaithe airgid;
- Cásráiteas COBÁC a chur amach mar phríomhcháipéis feachtasaíochta.

Mórfhorbairt a dhéanamh ar chlár feabhsaithe um chaidreamh le alumni

Áireofar anseo na cuspóirí seo a leanas:

- Feabhas a chur ar leibhéal rannpháirtíochta an alumni i raon iomlán de ghníomhaíochtaí COBÁC;
- Méadú suntasach ar shíntiúis alumni do COBÁC a bhaint amach.

Príomhghníomhartha

- Dearcadh an alumni i leith COBÁC a dhéanamh amach agus a mheas trí shraith d'fhócasghrúpaí struchtúrtha a chur ar bun. Díreoidh na grúpaí seo, go háirithe, ar fhorbairt a dhéanamh ar rannpháirtíocht fheabhsaithe an alumni i gcúrsaí ollscoile;
- Bunáit a chur ar fáil in COBÁC don alumni;
- Feabhas a chur ar raon reatha na dtairiscintí a dhéantar don alumni as a gcomhchaidreamh le COBÁC;
- Tionscnaimh reatha na ndámh agus na ranna a neartú agus tionscnaimh nua a fhorbairt.

6 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

6.1 An géargha atá ann le hathstruchtúrú acadúil

Tá deimhnithe, arís agus arís eile, ag athbhreithnithe seachtracha a rinneadh ar COBÁC (CRE Institutional Review 1998; EUA Institutional Review 2003; HEA/EUA/IUQB Quality Review 2004; WAG Report 2004) go bhfuil líon na ndámh agus na ranna ró-ard. Seo a leanas cuid de na torthaí atá ar an bhfóras sin:

- Is mór an dris chosáin é líon ard seo na ndámh is na ranna roimh an gcomhoibriú acadúil, roimh an bhfeidhmíocht acadúil agus roimh an dul chun cinn acadúil;
- Tarlaíonn dúbailt shuntasach ar iarrachtaí acadúla agus ní cheadaítear nuáil i réimse an teagaisc;
- Fál go haer a bhíonn sa taighde idirdhisciplíneach agus cuirtear teorainn le cumas na hollscoile tabhairt faoi aon tionscnamh mórthaighde nó faoi aon mhórdheontas taighde a tharraing chuici féin;
- Cuirtear teorainn le deiseanna sabóideacha agus deiseanna na foirne dul ar shaoire thaighde;
- Téann suaitheadh agus scaipeadh ar iarrachtaí agus ar shaineolas riaracháin ionas go gcuirtear teorainn le héifeachtacht na foirne acadúla agus riaracháin araon in COBÁC.
- Toirmiscear cumarsáid agus cinnteoireacht éifeachtach;
- Cuirtear teorainn le cumas na hollscoile pleanáil straitéiseach agus airgeadais a dhéanamh ar bhonn ilbhliantúil;
- Téann scaipeadh ar acmhainní luachmhara;
- Meirtnítear cumas COBÁC brandáil éifeachtach a dhéanamh agus fannaítear tuailnge na hollscoile maoiniú a thiomsú go héifeachtúil ón earnáil phríobháideach.

Ábhar inmheánach díospóireachta is ea ilchastacht frith-tháirgiúil agus neamhriachtanach na heagraíochta. Bhí sé seo ar cheann de mhórhéamaí an phlé trasdámhe ar phleanáil straitéiseach, agus rinne sain-tascghrúpa ar struchtúir acadúla scrúdú ar an gceist. Le linn an phlé seo, tháinig roinnt téamaí chun cinn, arís agus arís eile; téamaí a thug breis tacaíochta do thuairimí na bhfoirne athbhreithnithe seachtracha. Is constaic roimh an nuáil agus roimh an gcomhoibriú i gcúrsaí teagaisc agus taighde go bhfuil disciplíní leathana foroinnte ar bhonn saorga ina n-ilranna agus ina n-ilionaid. Is minic gur i ndámha éagsúla a bhíonn cuid acu seo lonnaithe. Ní bhíonn de thoradh air seo ach dúbailt ar acmhainní, ar struchtúir agus ar dhua. Is minic go bhfágтар ranna beaga gan acmhainní cuí, agus nach mbíonn ar chumas na foirne bige oiliúint chuí, ionduchtú ná comhairle a chur ar fáil do bhaill nua foirne ná d'iarchéimithe taighde. Fágann iomadú seo na ranna deacracht mhór ann tráth a mbíonn comhréiteach de dhíth. Ina theannta sin, bíonn deacracht ann cinneadh a dhéanamh leis an láimh seo agus dul i gcomhar le Cinn Roinne leis an láimh eile gan Cinn Roinne agus baill áirithe den fhoireann acadúil a fhágáil ar lár i struchtúir chinnteoireachta na hollscoile. Is deacair freisin gan ach easpa soiléireachta i leith bheartais agus spriocanna a bheith mar thoradh ar an scéal seo. Bíodh is go bhfuil saoirse ag na ranna feidhmiú

laistigh dá mbuiséad féin, tá teorainn leis an tionchar is féidir leo a imirt ar mhórchinntí a bhaineann le dáileadh acmhainní agus cúrsaí foirne. Bíonn de thoradh ar na tosca seo go gcruthaítear bearna idir treo na roinne aonair agus plean straitéiseach na hollscoile trí chéile. Is ar mhaithe le todhchaí na hollscoile, lena tionchar ar shochaí na hÉireann, agus lena seasamh idirnáisiúnta, nach mór an cheist seo a réiteach ionas go mbeidh aonaid acadúla aonair éifeachtúil agus go mbeidh sé de chumas agus d'acmhainn acu gníomhú go n-aidhm chomónta ar son spriocanna comhaontaithe. I mbeagán focal, is géar a theastaíonn athbhreithniú agus grinníú ó struchtúir acadúla COBÁC má tá i ndán go gcuirfear i gcrích na cuspóirí a leagadh amach sa Plean Straitéiseach 2005-2008.

Is mar Scoil seachas mar Roinn a fheidhmeoidh an bunaonad acadúil feasta in COBÁC; déanfar na Scoileanna seo a eagrú i measc na ndámh ach go laghdófar, chuige seo, líon na ndámh. Ní féidir ná ní hionmholta líon idéalach de Dhámha ná de Scoileanna a leagan síos mar thoradh ar an athstruchtúrú ar an ábhar gur i ngeall ar chúinsí acadúla seachas cúinsí riaracháin atáthar lena mbunú. Mar sin féin, má thugtar aird ar mholtaí na dtráchtairí seachtracha agus ar an scrúdú a rinneadh ar mhúnlaí éagsúla is líon is lú ná 40 Scoil agus 4-6 Dámh a bheadh ag an leagan amach nua idéalach.

6.2 Na Prionsabail agus na critéir is bonn le próiseas an athstruchtúraithe

Scoil seachas Roinn a bheidh i ngach láraonad acadúil laistigh de na Dámha feasta

Mar fhreagairt ar an ngéarghá atá le hathstruchtúrú acadúil, mar a léiríodh thuas, tarraingeoidh COBÁC chuige féin múnla nua inarb í an Scoil an bunaonad acadúil .i. comhlúadar de bhaill foirne agus de mhic léinn a bhfuil spriocanna comónta acu, dearcadh comónta, cur chuige agus éiteas smachta comónta, agus an t-iomlán á threorú ag Ceann Roinne a bhfuil a leordhóthain acmhainní aige nó aici agus a bhfuil tionchar aige nó aici ar phróiseas cinnteoireachta na hollscoile. Is é/í an Ceann Scoile i gcomhar le Feidhmeannas na Scoile a bhainisteoidh an Scoil. Ba chóir go dtabharfadh an Scoil tuiscint mhaith don scoláire aonair agus don mhac léinn ar an ní dár díobh é/í agus go mbeadh an tuiscint sin sách láidir le go n-aithneofaí i measc an phobail mhóir í. Ba chóir go mbeadh freagrachtaí soiléire ag an tuiscint seo i leith thacú agus chúram na mac léinn agus na mball foirne.

Beidh roinnt de na prionsabail seo thíos ina dtreoir do bhunú na scoile:

- Is é is príomhchuspóir d'athrú ar bith a chuirfear ar struchtúr ar bith feabhas a chur ar chúrsaí taighde, teagaisc, agus foghlama agus ar shaol an mhic léinn.
- Níor cheart ranna reatha ar bith a chomhcheangal lena chéile ach amháin sa chás go bhfuil fíor-chur le chéile ann ó thaobh disciplín, nó go bhfuil acmhainn comhoibrithe ann idir na ranna sin.
- Ba chóir go mbeadh Scoil, go gnách, sách mór le mais chriticiúil a bhaint amach i gcúrsaí teagaisc agus taighde ach nach mbeadh sí chomh mór is go laghdófaí a hacmhainn féiniúlachta nó muintearthachta féin ná go deimhin go gcuirfí doic i mbainistiú éifeachtúil na Scoile.

- Ba chóir go mbeadh Scoil, go gnách, chomh mór sin is go bhféadfaí a bheith ag dréim le struchtúr riaracháin agus tacaíochta dea-fhorbartha, éifeachtúil maille le cláir forbartha gairme don fhoireann acadúil, riaracháin agus theicniúil.

Is ar na critéir seo thíos a dhéanfar Scoil feasta as Ranna nó Scoileanna reatha:

- An seasamh agus claonadh reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta arna mbunú ar phróifíl an mhic léinn agus aschur taighde faoi réir ag stair an disciplín chomh maith leis na leibhéil forbartha agus infheistíochta sin ar ann dóibh cheana;
- Mais chriticiúil de scoláirí ar chaighdeán domhanda agus/nó deiseanna soiléire maille le pleananna chun mais chriticiúil a chruthú;
- Éiteas comónta maille le dearcadh agus cuspóirí comónta;
- Ailíniú le cuspóirí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann;
- Caighdeán, uailmhian, agus indéantacht phlean forbairt straitéiseach na Scoile.

Is iad na Scoileanna a dhéanfaidh dearadh, seachadadh agus measúnacht ar mhodúil a chuideoidh le cláir chéime. I gcásanna áirithe is iad a bheidh freagrach as seachadadh a dhéanamh ar chlár iomlána laistigh de mhórchreat na Dáimhe. Is iad na Scoileanna a bheidh ina bpríomhshuíomh acadúil ag formhór na mball foirne; ina theannta sin, beidh ar a gcumas iostas a thabhairt do scoláirí aonair nó do thriopall taighdeoirí, agus/nó beidh siad in ann tabhairt faoi chuid nó faoi iomlán a gcuid taighde laistigh d'Institiúidí Taighde nó i bpáirt leo.

Is í an infheistíocht agus an tacaíocht institiúideach a fhorbróidh agus a neartóidh na Scoileanna

Déanfaidh na Scoileanna samhailchomharthú ar na réimsí sin atá ina dtosaíochtaí i gcomhair forbairt COBÁC. Tabharfaidh an Ollscoil tacaíocht ar leith d'fhorbairt na Scoileanna trí chuidiú a thabhairt dóibh maoiniú seachtrach a aimsiú (ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha) don taighde agus don teagasc. Táthar ag súil go n-aontóidh na Scoileanna, le tacaíocht na Dáimhe agus na hOllscoile, pleananna acmhainníthe ilbhliantúla (daonna, airgeadais agus fisiciúil) leis an Ollscoil, agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm straitéisí réadúla indéanta maidir lena bhforbairt féin, agus go ngníomhóidh siad ina dhiaidh sin, laistigh den chreat comhaontaithe, ar bhonn neamhspleách cruthaitheach. Ar cheann de na buntáistí tábhachtacha a bheidh mar thoradh ar dhéanmhaíocht nua seo na ranna ina móraonaid tá, go mbeifear in ann spriocanna soiléire a cheapadh maidir le hearcú foirne; is fachtóir tábhachtach an méid seo san forbairt a dhéanfar amach anseo ar aonad acadúil ar bith.

Caomhnú na ndisciplíní laistigh de na Scoileanna

Cé nach bhfuil i gceist i gcás roinnt de na Scoileanna ach go ndíreoidís ar dhisciplín nó ar réimse amháin, déanfaidh go leor eile acu baill foirne a bhíonn ag obair i ndisciplíní gaolmhara a thabhairt le chéile. Déanfar céannacht agus sláine na ndisciplíní seo a chaomhnú ar dhá bhealach. Ba chóir tacaíocht a thabhairt do sheasamh agus d'fhorbairt aon disciplín ar mór ag an Ollscoil é, trína chinntiú go mbeidh ollamh amháin, ar a laghad, ag gach disciplín. Ba chóir go mbeadh ionadaíocht cheart ag disciplíní nó ábhair na Scoile ar Fheidhmeannas na Scoile. Is ceadmhach, cé nach gá sin, gur Ollamh a bheadh ina C(h)eannaire Ábhair; is í an Dámh, agus comhaontú na Scoile aici, a dhéanfaidh a c(h)eadadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

Na Dámha agus a rólanna

Comhcheirtleán den fhoireann acadúil, a chuimseoidh daoine as raon leathan disciplíní gaolmhara, is cóir a bheith sa Dámh, ós í an t-aonad acadúil is mó í. Ba chóir go mbeidís siúd ar fad ag obair i bpáirt le chéile chun *pórfóilió* de chlár theagaisc agus taighde a sheachadadh agus tacaíocht á fáil acu ó mhais chriticiúil den fhoireann riaracháin a bhfuil saineolas acu ar na nithe seo a leanas: bainistiú acadúil, córais faisnéise, bainistiú cuntasáochta agus airgeadais, pleanáil straitéiseach, an chumarsáid, caidreamh alumni agus tiomsú airgid. Déanfaidh Déan agus Feidhmeannas Dáimhe ar a mbeidh gach Ceann Scoile maille le hionadaithe cuí eile, an Dámh a threorú. Beidh siad fíorreamhspleách agus údarás ceart cineachta acu, laistigh de mhórchreat polasaí na hollscoile. Beidh sé d'údarás acu clár acadúla a sheachadadh, an fhoireann a earcú, a fhorbairt, agus a chur chun cinn, maille le bainistiú a dhéanamh ar dháileadh laethúil agus straitéiseach acmhainní ar na Scoileanna. Ar cheann de mhór-rolanna na Dáimhe beidh, go ndéanfaidh sí grúpa scoileanna gaolmhara a chumasc le chéile faoi bhrat straitéiseach amháin; go gcinnteoidh sí caighdeán na gclár oideachais agus taighde acu; go n-éascóidh sí dea-bhainistíocht agus pleanáil straitéiseach, agus go dtreoróidh sí tionscnaimh straitéiseacha ina mbeidh buíon Scoileanna páirteach.

An Fhoireann Riaracháin, Theicniúil agus Tacaíochta

Eascraíonn iarmhairtí móra don fhoireann riaracháin, theicniúil agus tacaíochta, agus don ghaol atá ann idir na lárshairbhísí riaracháin agus na Dámha gona Scoileanna, as an athstruchtúrú atáthar a mholadh. Déanfar an t-athstruchtúrú acadúil seo a chur i bhfeidhm faoi réir ag plean cuimsitheach ionas go gcinnteofar ómós agus urraim do ghaolmhaireachtaí tuairisciúcháin, cúinsí oibre, deiseanna forbartha gairme i gcás gach ball foirne. Tapófar an deis le héifeachtúlacht an phróisis riaracháin a mhéadú agus lena chinntiú go ndéanfaidh na lárshairbhísí riaracháin teanntú agus tacú éifeachtúil ar ghníomhaíochtaí na nDámh is na Scoileanna.

6.3 Ról na nInstitiúidí agus na nAonad Taighde Ildisciplíneach

Institiúidí Taighde

Déanfar a thuilleadh áisitheoireachta ar chomhthaighde idirdhisciplíneach agus ar chlár iarchéime ardchaighdeáin trí mheán mhórinstitiúidí taighde COBÁC. Beidh de shaintréith ag na hInstitiúidí seo go mbeidh iontu mais chriticiúil de scoláirí taighde agus iad ag obair ar théamaí gaolmhara agus tacaíocht á fáil acu ón teicneolaíocht is nua amuigh, mar is cuí. Beidh tacaíocht le fáil acu chomh maith ó na hacmhainní riaracháin is gá d'fhonn clár thaighde máistreachta agus dochtúireachta, ar bhonn iomaíoch idirnáisiúnta, a éascú. Cé gurb iad na Scoileanna a bheidh ina bpríomhshuíomh acadúil ag an bhfoireann acadúil, beidh ar chumas taighdeoirí iarratas a dhéanamh ar bhallaíocht institiúide faoi réir ag an gcreat um ualach oibre a chomhaontófar leis an gCeann Scoile agus le Stiúrthoir na hInstitiúide. Go deimhin ba cheart go mbeadh Institiúidí ardphróifíle Taighde ina n-uirlis luachmhar earcaíochta trína bhféadfaí scoláirí ardchaighdeáin maille le mic léinn a mhealladh go COBÁC. Ina theannta sin, feidhmeoidh na hInstitiúidí Taighde mar phríomhshuíomh acadúil ag scoláirí sna blianta tosaigh sin tar éis a gceapacháin, tráth gur as cistí institiúide agus seachtracha is mó a íoctar tuarastal leo.

Ionaid Taighde

Is éard a bheidh sna hIonaid Taighde seo streoilíní taighde a lonnófar, go gnách, laistigh de mhórinstitiúidí taighde COBÁC nó laistigh de Dhámh nó Scoil. Is é aidhm atá leo taighde

idirdhisciplíneach ar théama nó ar chláir ar leith a chothú. Taighde é seo a bheidh, go gnách, ar scála is lú ná scála Institiúid Taighde nó sin, mar chuid de ghníomhaíocht Institiúid Taighde. D'fhéadfaí bunú ionad taighde a úsáid chun taighde a dhíriú ar réimse nua nó ar réimse atá ar tí bíogtha, nó le 'goradh' a dhéanamh ar cheachtar den dá réimse seo. Ní mór liosta soiléir de nósanna imeachta agus de chritéir a thiomsú a chuimseoidh bunú, tacú, agus scor (más gá) institiúidí taighde.

Cláir Struchtúrtha Dhochtúireachta

Má tá i ndán go bhfuil COBÁC chun cur le líon na mac léinn ardchaighdeán, ag leibhéal máistreachta agus dochtúireachta, a thriallfaidh uirthi, is den riachtanas é go mbunófaí cláir struchtúrtha ar fud na hOllscoile; ba chóir go dtabharfadh na cláir seo, mar ghnáthamh, do na mic léinn, comhpháirt a mhúinfear, a bheidh struchtúrtha agus ar thús cadhnaíochta, maille le heispéaras ardchaighdeán sa taighde stiúrtha, chomh maith le gairmthreoir. Ceann de na mórinstiúidí taighde, de na Dámha, nó buíon scoileanna a chuirfidh na cláir seo ar fáil.

7 STRAITÉIS AIRGEADAIS

Is cuid lárnach den scéal é tiomantas COBÁC do ghiniúint straitéiseach acmhainní maille le dáileadh straitéiseach acmhainní má tá COBÁC lena cháil is a áit a bhaint amach mar ollscoil diantaighde ar scála domhanda. Mura n-éiríonn le COBÁC réimsí bisigh a thuillfidh cáil scolártha náisiúnta agus idirnáisiúnta dó a thógáil agus a chothú, ní éireoidh leis an fhoireann is fearr agus na mic léinn is fearr a mhealladh chuige ná, go deimhin, iad a choimeád.

Go sonrath, déanfar na nithe seo a leanas:

- Déanfar straitéis airgeadais ilbhliantúil maille le próiseas buiséadachta a fhorbairt ar bhonn ollscoile, dáimhe, scoile agus institiúide;
- Cuirfear tús le ciste straitéiseach ina mbeidh 5-10% de bhuiséad na bliana, a chaithfear ar thionscnaimh nua agus ar an bhforbairt acadúil phearsanta – déanfaidh Coiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla an tUachtarán a chur ar an eolas maidir le dáileadh an airgid seo.
- Déanfar athchóiriú ar an múnla reatha dáilte achmhainní d'fhonn a bheith i gcomhréir agus i bpáirt leis na cuspóirí straitéiseacha;
- Cuirfear foinse mhaoinithe dhíreach ar fáil do na mórinstiúidí taighde;
- Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid acmhainní;
- Déanfar infheistiú i dtionscadail a mbeidh d'aidhm acu an *pórtfólió* ioncaim a éagsúlú